AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábhar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uiṁ 24. 18ú Meiṫeaṁ, 1965.

Eagar Focal

18-6-1965.

TÁṪAR AG GLACAḊ GO h-ÉADTROM — ĊRÍOĊ na laeṫa seo le pleananna do ċondaeṫa agus ceantair agus bailte agus tuaṫ-ċeantair. Ní ḟeiceann ár gcuid ionadaiṫe poiblí go ḃfuil aon doċar ann. Bíonn óráidí ann á rá go ḃfuil feiḋm le pleanáil agus go ndéanfaiḋ sé tsuirḃé mór don tír, agus gur gá ais-ceanna agus taitneaṁaċtaí a ċaoḃnú agus dá réir sin. Cinnte go leor is fíor é seo, aċ ní miste a ċuiṁniú san am ċéanna, gur rud an trom-ċúiseaċ ar fad na pleananna seo go nglactar leo.

NÍ ḞEICEANN ÁR GCUID Comhairleoirí Condae agus fir poiblí aon ḃaol iontu san am i láṫair. D'ḟéidir naċ ḃfuil mórán baol iontu mar tá siad, aċ is iad oifigóirí bunaiṫe a ḃéas ag oibriú agus ag feiḋmniú na bpleananna seo amaċ anseo, ⁊ mar adúramar go minic sa páipéar seo, is fíor beag an céim idir oifigeoirí agus maorlaṫas. Nuair a ġlactar le plean. is an-ṁór ar fad an ċumaċt a ċuirtear i láiṁ maorlaṫas, agus is mór ar fad an faiṫċill agus an cúram a ċaiṫfear a ḋéanaṁ dá ḃárr, agus is géar an súil a ċaiṫfiḋ ionadaiṫe poiblí a ċoiméad ar gaċ aon ġné de ċúrsaí pleanála.

LE SCÉAL FADA A ḊÉANAṀ GAIRID, is ionann pleanáil agus a rá gur féidir forbairt a ḋéanaw i gceantar aṁáin, agus naċ féidir forbairt a ḋéanaṁ i gceantar eile. Gur féidir tiṫe agus sráiḋḃailte agus bailte móra a ṫógáil agus a ṁéadú i réagún aṁáin agus naċ féidir sin a ḋéana i réagúin eile. Gur féidir aiseanna turasóireaċta a ḃunú agus a leaṫnú in áit aṁáin, aċ naċ féidir sin a ḋéanaṁ in áit eile, a ḃeiḋ teoranta b'ḟéidir, do ṫógáil tiṫe agus a leiṫéid sin. Is ionann é agus ċumaċt an ṁór ar fad do ċur i láṁa maorlaṫais. D'ḟéidir naċ ḃfuil dul as sin againn mar is gá an pleanáil, aċ is gá an ċúram ar fad, agus solus an tinn poiblí, agus léirṁeas poiblí ar ċuile ġné de. Mar is ionann é agus talaṁ agus sealḃaċas a ḋéanaṁ níos luaċṁaire in áit aṁáin, ná in áit eile, agus nuair a ceaptar na pleananna agus sul a ḃfoilsíotar iad, is ionann é agus go mbeaḋ an t-eolas faoi seo ana luaċmar ar fad do luċt ceannaiṫe agus díolta. Mar sin, is gá súil an ġéar ón ár gcuid fir poiblí ar ċuile ġné do ċúrsaí pleanála.

AĊ, AN TAOḂ EILE AR FAD DEN SCÉAL is mó a níos suim dúinne anseo. Socróiḋ na pleananna seo, sráideanna agus mionḃailte agus bailte móra, ⁊ "pointí fáis", mar deirtear. Go dtí seo, ċonaiceamar gaċ uile scéim a d'ḟeiḋmniġ na Comhairlí Condae agus údaraisí áitiúil, gur cuireaḋ i bfeiḋm iad gan smaoineaṁ dá laġad ar an Ġaeltaċt. Má ċuirtear cúrsaí pleanála i bfeiḋm gan aon aire fé leiṫ do ṫaḃairt do ċúrsaí na Gaeltaċta, is ionann é agus an buille deireanaċ ar maireaċtáil na Gaeltaċta.

GO DTÍ SEO, BA IAD NA BAILTE MÓR agus beaga, agus sráid-ḃailte agus sráideanna na pointí ceann droiċid don Ḃéarla a leaṫníoḋ Béarla ar fud na ceantair tuaiṫe. Is ioma uair adúramar anseo, gur gá sráid ḃaile, mion-ḃailte agus bailte móra insan Ġaeltaċt, má tá an Ġaeltaċt le maireaċtáil agus le caoṁnú. Ní miste go gcuirfí an pointe seo go tréan agus go láidir ós coṁair an ṗobail arís, mar is éigin go dtaḃarfaí aitḃeantas dó seo i gcúrsaí pleanála, agus is éigin na pleananna seo do ċeapaḋ go h-áiṫrid ó ṫaoḃ na Gaeltaċta ag smaoineaṁ ar an Ġaeltaċt mar tá sí, agus ar caoṁnú, agus amaċ anseo, ar leaṫnú na Gaeltaċta, mar Ġaeltaċt. Má ċeaptar plean iomlán do ċeantair mar Ḋún na nGall agus Gaillimh agus Ciarraí, agus neaṁ-ṡuim nó neaṁ-iontas do ḋéanaṁ don Ġaeltaċt, beiḋ giotaí Gaeltaċta isteaċ mar cúl-ċeantar le bailte fáis, a ḃéas lasmuiġ don Ġaeltaċt, agus béarfaiḋ sé bás na Gaeltaċta níos tapúla.

MAR SIN DE, IS GNÓ FÉ LEIṪ do Ġaeilgeoirí san am i láṫair, a ċinntiú go mbeiḋ an Ġaeltaċt dá ċaoṁnú agus plean ar leiṫ ann don Ġaeltaċt ina mbeiḋ, cibé pointí fáis agus forbairte insan Ġaeltaċt, mar ċuid den Ġaeltaċt. Is rud trom-ċúiseaċ práinneaċ é seo. Ba ċeart aire a ṫaḃairt dó san am i láṫair.

Peileadóirí Ciarraí

Ḃuaiġ Ciarraí ar Co. an Ċláir Dé Domhnaiġ, aċ níor bua ró ṁór é, agus cé go raiḃ an ċuid ab' ḟearr den ċluiċe ar fad ag Ciarraí, níor ṫaispeáin siad mórlaoċas ar biṫ i gcoinniḃ foireann ċoṁ lag le Clár. Ba é an scór deireanaċ, 2-10 i gcoinniḃ 1-6. Agus glacfaiḋ Ciarraí feaḃsú agus feaḃsú go mór má tá siad le ḃeiṫ ag imirt i bPáirc an Ċrócaí insan ċraoḃ-ċluiċe i mbliana.

Cuntas na Ḃótaí don tSeanad

Ċaill ionadaí Muintir na Gaeltaċta le 4 ḃótaí

Ṫosnaiġ cuntas na ḃótaí i dtoġaċán na Seanaide i Leaḃarlann an Teaċ Laiġean ag a 11 a.m. maidin Dia Máirt agus leanaḋ le oscailt na gclúdaċ agus dearḃaí na gcaipéisí go dtí an tráṫnóna.

Timpeall a 4 i.n. túsnaíoḋ ar an cuntas ar an ċéad rolla — an Rolla Saíoċta agus Oideaċais ar a raiḃ ionadaí Muintir na Gaeltaċta.

Ní raiḃ aoinne tófa ar an ċéad cuntas nó ar ar fea tamaill maiṫ na ḋiaiḋ agus leanaḋ ag fágaint duine taréis duine eile as.

Ḃí 18 iarraṫóir ann do na 5 suíoċáin aċ ḃí iarraṫóir aṁáin, Feehan, a d'iarr tarraċ siar aċ ní raiḃ aon moḋ nó gléas ċuige agus b'éigin a ainm a ḃeiṫ ar an páipéar: fuair sé 2 ḃótaí.

B'iad an cúigear a toġaḋ:—

Seán B. O Coigligh, Fine Gael, Baile Atha Cliath.
Tadhg Mac Amhlaoibh, Oibrithe, Iarmidhe.
Liam O Buachalla, Cumann Garmoideachais, Gaillimh.
Seán S. Nash, Incor. Law Society, Tiobraid Arann.
Micheál O Cinnéide, Fianna Fáil, Tiobraid Arann.

Seo mar a ḃí ar an ċéad ċuntas:

Tadhg Mac Amhlaibh, Lucht Oibre, Iarmhidhe	118
Seán B. O Coigligh, Fine Gael, Baile Atha Cliath	113
Liam O Buachalla, Cumann Garmoideachais, Gaillimh	93
Seán S. Nash, Incor. Law. Society, Tiobraid Arann	88
Seoirle O hAillín, Cumann Leabharlainne, Iarmhidhe	78
Micheál O Cinnéide, Fianna Fáil, Tiobraid Arann	64
Tomás O Dúill, Cumann Dlíodóirí, Baile Atha Cliath	48
Séamas O Tonnaigh, Fianna Fáil, Baile Atha Cliath	41
Seán O Briain, I.N.T.O., Cill Coinnigh	37
Peadar O Ceallaigh, Muintir na Gaeltachta, Dun na Gall	37
John Wilson, Secondary Teachers, Dublin	32
Brian J. Cantwell, Royal Soc. Antiquaries, Greystones	26
Michael J. Mulreany, Pharm. Socy. of Ireland, Sligo	20
Seán O'Donovan, Veterinary Council, Dublin	20
Noel Reid, R.I.A. Music, Dublin	4
Professor J. Doyle, R.I.A., Dublin	2
Michael A. Feehan, Fianna Fáil, Dublin	2
Roland I. Gallagher, Dental Ass., Portláirge	2

Bhótáil 854 den 873 toghthóirí ach bhí meancóg éigin sna clúdaigh no páipéir a d'fhág 26 beartanna scriosta. Ar an Rolla Saíochta agus Oideachais bhí bhóta amháin eile millte, rud a d'fhág 826 bhótaí dleathach. Bhí cúig suíocháin agus b'é an gnólíon 137.

Níor toghadh aoinne ar an chead cuntas agus fágadh as indiaidh a chéile: O Gallchobhair (2), Feehan (2), J. Doyle (2), Reid (4), Mulreany (20), O'Donovan (21), Cantwell (27), Wilson (38), O'Briain (43), T. Doyle (36).

Ar an chuntas seo, an 11ú togadh Seán O Coigligh don chead suíochán ar an rolla.

Fuair O Ceallaigh, ionadaí Muintir na Gaeltachta bhóta eile ar an triú cuntas, bhóta ar an seimhadh cuntas, an seachtú cuntas, dhá cheann ar an ochtmhadh cuntas. 9 ar an naomhadh chuntas agus 6 ar na deichniú cuntas. B'é aistriú ó bhótaí Uí Cheallaigh a thoigh Mac Amhlaibh (Oibrithe) don dara suíochán.

Ar an cuntas deiridh toghadh O Buachalla 138. Nash 139, agus O Cinnéide 138, do na trí suíocháin deiridh.

Le 4 bhótaí a chaill ionadaí Muintir na Gaeltachta nuair a fágadh as é.

Aṫrú a Ċuspóirí na hAiṫḃeoċana

Óráid Aoḋ Mic Eoin ag oscailt Feis Muineaċáin

Ealaí Magaḋ

Ḃí an t-am ann, tá corraḋ le scór blian ó ṡin, i mblianta deireanaċa an Ċogaiḋ, nuair a ḃí sé san ḟáisiún measc cuid mór Gaeilgeoirí ealaí magaiḋ a ḋéanaṁ díoḃ, mar ḟeiseanna. Mar a dúirt scríḃneoir aṁáin go fonóideaċ — deireaḋ prátaí - saic, dtireaḋ coiste. raic, deireaḋ feise-faic.

Fuinneoga Siopa

Má ḃí sin aṁlaiḋ, ḃí an loċt ar an méid sin againn a ċaill ciall den ċoiṁneas a ḃí idir gnéiṫe dár saoiṫiúlaċt náisiúnta. Dúraḋ tráṫ gurḃ iad na feiseanna fuinneoga siopa an Ġaelaċais, gurḃ iad a ṫug deis don saol mór a ḃeiṫ ag breaṫnú ar na hearraí a ḃíomar ag labairt dóiḃ. Anois, an té atá cliste i gceann gléasaḋ fuinneoige, cuirfiḋ sé an ċuid is péacaí agus is feiceálaí san áit is mó a dtarraingeoiḋ siad súile a ċuid custamaeirí. Aċ ní ḋéanfaiḋ sé dearmad ionad onóra a ṫaḃairt do na haiḋteagail is luaċṁaire, bíoḋ is naċ ḃfuil siadsan ċoṁ hinṫsúil leis an ṁuintir eile.

Feicealaċ

Damhsaíoċt, bannaí céilí. comórtais don ġléasraí ceoil, peil agus a leiṫéidí, is iad is feiceálaí de imeaċtaí feise, agus is iad is mó a ṫarraingíos gnaṫ an ṗobail. Is furasta in amannaí dearmad a ḋéanaṁ gurḃ í an Ġaeilge anam na feise. Is furasta na hiomaṫóirí sna comórtais Gaeilge a ċartú isteaċ i gcúl seomra in áit éigin agus gan de ṗoiblíoċt a ṫaḃairt dóiḃ aċ alt beag pacáilte de tortaí áit éigin i gcoirnéal de nuaċtán, nuair a ḃéas an driopás, agus an ṗoiblíoċt. Agus na pictiúir a ḃaineas leis an ċuid eile den ḟeis, nuair a ḃéas sé sin ṫart.

Sin an rud a ḃí i gceist agam nuair a luaiġ mé na daoine a ċaill ciall den ċoiṁneas. Is iad na himeaċtaí Gaeilge agus na comórtais Ġaeilge bunċloċ na feise. Molaim go hard an ṁuintir a ḃain duaiseanna do ḟiliḋeoireaċt agus do rince agus dá réir sin. Aċ is mó i ḃfad a ṁolaim an ṁuintir a rug leo an ċraoḃ i gcomórtais na teanga, an dream a ċuaiġ isteaċ agus a ġnóṫaiġ scoláireaċtaí, i gcoiṁlint le plúr na scoláirí as meánscoileanna agus as bunscoileanna na tíre. Baineann siadsan go dlúiṫ le príoṁaiḋm na feise seo agus le príoṁaiḋm an Ċonarṫa ⁊ Ċoṁaltas Ulaḋ ar ċuid díoḃ é. Tá an ṁuintir óg seo ag crúṫú go ḃfuil siad ag fáil maistreaċta ar an teanga, agus go ḃfuil siad i ḃfataċ le dul imeasc cainteoirí dúċais Gaeilge le dlaíog mullaiġ a ċur uirṫi. Tá sé de ṁiṫeas againn a ṫaispeáint go soiléir gur de ṁaiṫe le leaṫnú na Gaeilge atá na feiseanna ann. Bíoḋ an teanga i lár na fuinneoige againn, agus na gnéiṫe eile den ċultúr ṫart uirṫi. ag cur lena maise.

Fíriċ

Le linn an ċogaiḋ deireanaiġe a ṫáinig na Meiriceánaí ar fíric a ṡílfeaḋ duine a ḃeaḋ ċoṁ soiléir leis an ṡrian, aċ a raḃṫas ag déanaṁ dearmaid uirṫi sna hoileáin seo le fada; is é sin, go seasfaḋ sé le ciall go ḃfoġ caineoḋ duine teanga ċoiṁṫíoċ fá ċoinne ḃeiṫ ábalta í a labairt níos mó ná fá ċoinne ċúis ar biṫ eile. Nuair a scaramar le réimeas Ṡasana sa ċuid is mó den tír, leanamar go fóill do na seanṁoḃanna teagasc teangaċa a ḃí i ḃfeiḋm faoi sean-Ḃord Oideaċais. Ċuireamar páistí beaga ag scríoḃ teanga naċ raiḃ greim acu uirṫi, in aiḃitír a ḃí coiṁṫíoċ acu agus de réir mar a ḃí scrúdú an Teastas Bunscoile ag tarraingt orṫu, b'éigean dóiḃ dul i ndeaḃaiḋ le tomaiseanna jig-saw gramadaí ⁊ aistí aisteaċa a ċleaċtaḋ, agus sean-asail a ċur ag insint scéal a mbeaṫa le tíoraċt Gaeilge naċ raiḃ caoi ag na páistí daonna seo a ḃaint amaċ iad féin.

(Ar lean sa ċéad eagrán eile)